C/2026/685

30.1.2026

CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA

an 19 Eanáir 2026

lena leasaítear Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa

(C/2026/685)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

ag féachaint do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([1]),

ag féachaint do Riail 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 73(1) de na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([2]) ('na Bearta Cur Chun Feidhme'), déanfaidh an Biúró, i gcás inarb iomchuí, méideanna an uasmhéid inaisíoctha mhíosúil le haghaidh ranníocaíochtaí árachais sláinte do na Feisirí sin a tharscaoil a dteidlíocht ar aisíocaíocht speansas leighis faoi na Comhrialacha maidir le hárachas breoiteachta na gComhphobal Eorpach ([3]), ar liúntais a bhaineann le taisteal agus ar uasteorainneacha aisíocaíochta agus ar an liúntas cothaithe laethúil a innéacsnascadh go bliantúil. Ní rachaidh an méadú sin thar an ráta boilscithe bliantúil san Aontas i mí Dheireadh Fómhair na bliana roimhe sin, arna fhoilsiú ag Eurostat.

(2) Is é 2,5 % an ráta boilscithe san Aontas i mí Dheireadh Fómhair 2025, amhail dár fhógair Eurostat an 19 Samhain 2025. Ba cheart feidhm a bheith ag na méideanna nua a eascraíonn as an gcoigeartú ón 1 Feabhra 2026, agus ba cheart na Bearta Cur Chun Feidhme a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme mar a leanas:

(1) In Airteagal 3(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'I gcás ina dtarscaoilfidh tairbhí a theidlíocht nó a teidlíocht ar aisíocaíocht ar speansais leighis, beidh sé nó sí i dteideal aisíocaíocht dhá thrian den ranníocaíocht atá dlite le haghaidh árachas sláinte suas go dtí aisíocaíocht uasta EUR 410 in aghaidh na míosa.';

(2) in Airteagal 15(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) go dtí go sroichfear na huasteorainneacha aisíocaíochta i bpointí (a), (b) agus (c) den mhír seo, EUR 0.59/km a bheidh san uasteorainn aisíocaíochta;';

(3) in Airteagal 20(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) don chuid den turas idir 0 agus 50 km: EUR 26,56;';

(4) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Is é EUR 5 638 an t-uasmhéid bliantúil a fhéadfaidh a bheith i gceist le haisíocaíochtaí speansas taistil a thabhaítear sna cásanna dá dtagraitear in Airteagal 10(1), pointe (b).';

([1]) Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 ag glacadh Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1). http://data.europa.eu/eli/dec/2005/684/oj).

([2]) Cinneadh ón mBiúró an 11 Meán Fómhair 2023 maidir le Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus lena n-aisghairtear Cinneadh ón mBiúró an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 (IO C, C/2024/2814, 26.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2814/oj).

([3]) Comhrialacha árachais breoiteachta d'oifigigh na gComhphobal Eorpach, arna dtarraingt suas de chomhthoil idir údaráis cheapacháin institiúidí dá dtagraítear in Airteagal 72 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle.

(5) in Airteagal 22(8), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Is é EUR 5 008 an t-uasmhéid bliantúil a fhéadfaidh a bheith i gceist le haisíocaíochtaí speansas taistil a thabhaíonn cathaoirligh choiste nó fochoiste go hiarbhír agus iad ag taisteal le freastal ar chomhdháil nó ar imeacht ag a bhfuil ábhar leasa Eorpaigh faoi chaibidil agus a thagann faoi raon freagrachta a choiste nó a fhochoiste agus a bhfuil gné pharlaiminteach ag gabháil leis. Beidh gá le húdarú roimh ré ó Uachtarán na Parlaiminte i gcás rannpháirteachas den sórt sin, tar éis fíorú a dhéanamh go bhfuil leithreasuithe suas go dtí an t-uasmhéid thuasluaite le fáil.';

(6) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Má tharlaíonn an tinreamh dá dtagraítear in mír 1 ar chríoch an Aontais, gheobhaidh an Feisire liúntas cnapshuime dar luach EUR 359.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Feabhra 2026.